Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0131(COD)**

**9371/1/23**
**REV 1 ADD 1**

**MIGR 166**
**JAI 649**
**ASIM 60**
**EDUC 167**
**EMPL 210**
**CODEC 909**
**SOC 327**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8580/22 + ADD 1 - ADD 4 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibrithe tríú tír a chónaíonn go dleathach i mBallstát (athmhúnlú)<br>- Cur chuige ginearálta<br>- Ráiteas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ón Ungáir maidir leis an ábhar thuasluaite, ag féachaint don chruinniú a bheidh ag an gComhairle (Gnóthaí Baile) an 8 Meitheamh 2023. Cuirfear an ráiteas i miontuairiscí chruinniú na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

**Togra le haghaidh**

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibrithe tríú tír a chónaíonn go dleathach i mBallstát (athmhúnlú)**

2022/0131 (COD)

## - RÁITEAS ÓN UNGÁIR

Ba mhaith leis an Ungáir a chur in iúl go láidir gur mór aici iarrachtaí na hUachtaránachta teacht ar chomhréiteach sa Chomhairle maidir leis an athmhúnlú.

Mar sin féin, tá eilimintí fós sa togra nach bhfuil ag teacht leis an seasamh atá againn. Táimid i gcoinne aon iarrachtaí soghluaisteacht na n-oibrithe a spreagadh laistigh de na Ballstáit, iarrachtaí a chruthaíonn dúshlán tromchúiseach do thíortha an réigiúin seo againne. Le hathmhúnlú na Treorach, chuirfí srian breise ar an scóip a bheadh ann, go háirithe maidir leis an bhféidearthacht stádas a athrú agus tréimhsí dífhostaíochta a cheadú.

Ba cheart inniúlachtaí náisiúnta a choinneáil chun a áirithiú gur féidir, leis na cinntí a ghlacfar, freagairt go solúbtha do riachtanais an mhargaidh saothair agus d'aon athruithe ar na riachtanais sin, agus na dálaí éagsúla eacnamaíocha, geografacha, cultúrtha agus sóisialta á gcur san áireamh. Measaimid go bhfuil sé ríthábhachtach an tsaoirse a fhágáil ag na Ballstáit a chinneadh cé a fhéadfaidh dul isteach ar a gcríoch chun obair a dhéanamh, agus cé na coinníollacha agus cén nós imeachta maidir le ligean isteach a bheidh i gceist. Dá bhrí sin, ba mhaith linn an seasamh daingean atá againn a chur i bhfios go láidir, nach measann an Ungáir gur gá nó gurb iomchuí na rialacha ábhartha i réimse na himirce dleathaí a chomhchuibhiú a thuilleadh, agus i ndáil leis an méid sin ba mhaith linn an seasamh atá againn maidir leis an imirce dhleathach i gcoitinne a athdhearbhú.

Aithnímid gur as caibidlíocht chuí a d'eascair an comhréiteach ar thángthas air. Ar na cúiseanna thuasluaite, áfach, staonann an Ungáir ó ghlacadh an chur chuige ghinearálta.